



Muintearas Teo
TOGRA OIDEACHAIS GAELTACHTA
TÍR AD Fhá, LEITIR MÓIR, CO. NA GAELTACHTA
Fón: +353 91-551145/551300 Facs: +353 91-551277
Riomphost: muintearas@muintearas.com Idirlíon: www.muintearas.com



Scéim Árachais na gCampáí Samhraidh 2022

Tá árachas ar fáil ó Mhuintearas arís i mbliana d'eagraíochta atá ag eagrú campáí samhraidh agus atá ag déanamh iarratais faoi Scéim na gCampáí Samhraidh sa Ghaeltacht 2022, atá á riaradh ag Muintearas Teo.

Is í aidhm na scéime árachais ná deis a thabhairt d' eagraíochtaí / chumainn atá ag eagrú campáí samhraidh, árachas a fháil do na campáí sin ar phraghas réasúnach, agus a chinntiú go bhfuil árachas cuí ag na campáí do na himeachtaí a bheas a reáchtáil acu.

Tá idirbheartaíocht déanta againn le comhlacht árachais ionas gur féidir linn praghas réasúnach a thairiscint. Ní ghearrfar táille árachais ar aon champa go dtí go mbeidh an campa críochnaithe.

I mbliana beidh **táille in aghaidh an duine** á ghearradh amach, mar seo a leanas:

€5.73 an pháiste i gcomhar Dliteanas Poiblí (**tobhach 5% san áireamh**)
€8.40 an chinnire i gcomhar Dliteanais Fostaí (**tobhach 5% san áireamh**)

Gearrfaidh táille bhreise do €10 ar aon athrú ar dátaí nó suíomh an champa, chun teastas nua a chur ar fáil.

Clúdaíonn an t-árachas gnáth-imeachtaí campáí samhraidh, ach ní chlúdaíonn sé imeachtaí uisce, caisleáin spraoi nó a leithéid, imeachtaí in ionaid gníomhaíochtaí ná imeachtaí atá á soláthar ag daoine nó ag gnóilachtaí proifisiúnta. (Má tá a thuilleadh soiléiriú ag teastáil maidir leis an gclúdach árachais, is féidir é sin a phlé le Muintearas Teo.)

Tá sé riachtanach i mbliana cloí leis na beartais ar fad atá sonraithe i bPrótacal & Coinníollacha Scéim na gCampáí Samhraidh 2022 maidir le Covid-19, agus aon bheartas / srian sláinte poiblí eile a d'fhéadfadh a theacht i bhfeidhm in Éirinn idir seo agus deireadh tréimhse na Scéime, chun clúdach árachais a fháil faoin scéim seo.

Más mian le bhur n-eagraíocht leas a bhaint as an scéim seo chun árachas a ghlacadh do bhur gcampa samhraidh, ní foláir é sin a chur in iúl dúinn ar an **bhfoirm iarratais** agus sonraí an champa a líonadh isteach.

Tá sé riachtanach an t-eolas a bheith líonta isteach ina iomláine agus líon na rannpháirtithe agus cinnirí/oibrithe/oibrithe deonacha a mheastar a bheas ar an gcampa a líonadh isteach.

Maidir le líon rannpháirtithe agus cinnirí a mheastar a bheas ar an gcampa, ní foláir a mheabhrú gur eolas é seo atá ag teastáil chun an árachas a chur ar fáil.

Sa chás agus go nglacann eagraíocht leis an scéim árachais agus nach n-íocfar deontas leis an gcampa faoi Scéim na gCampáí Samhraidh sa Ghaeltacht 2022, is gá costas an árachais a íoc le Muintearas Teo.